# Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí– Códú

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe

An Chéad Eagrán

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# An Clár Ábhar

**Réamhrá** **4**

Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta 4

An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh 5

Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú 6

An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích 8

Measúnú Rangbhunaithe sa Chódú (gearrchúrsa) 9

Measúnú Rangbhunaithe: Na Píosaí a Fhí ina Chéile 9

Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích: 10

Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire 12

An leibhéal gnóthachtála a chinneadh 13

# Réamhrá

Cuirtear ar fáil sa cháipéis seo, *Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Códú: Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe*:

- Eolas ginearálta faoi Mheasúnuithe Rangbhunaithe
- Sonraí faoi chineál agus faoi raon feidhme an Mheasúnaithe Rangbhunaithe a bhfuil cur síos orthu sa tsonraíocht do ghearrchúrsa Códaithe na Sraithe Sóisearaí.
- Na Gnéithe Cáilíochta a úsáidfear chun cur síos a dhéanamh ar an leibhéal gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe
- Treoirlínte don scoil, don mhúinteoir agus don scoláire maidir leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích.

Ba chóir na treoirlínte seo a úsáid i gcomhar leis an tsonraíocht do ghearrchúrsa Códaithe na Sraithe Sóisearaí agus leis an bh*Foireann Uirlisí don Mheasúnú* don tSraith Shóisearach. Tugtar breac-chuntas mionsonraithe ar an measúnú don tSraith Shóisearach sa Chreat don tSraith Shóisearach, 2015, atá ar fáil ag https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1lacha-Beartais/Creat-don-tSraith-Shoisearach-2015.pdf.

I ngearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, beidh réimse cuir chuige measúnaithe in úsáid le cur leis an bhfoghlaim. Áireofar leo seo measúnuithe leanúnacha, lena n-áirítear tascanna agus scrúduithe rialta a dhearfaidh an múinteoir; measúnú leanúnach don scoláire atá ag tabhairt faoi aonaid foghlama tosaíochta ag Leibhéal 2; agus measúnú rangbhunaithe amháin.

# Measúnuithe Rangbhunaithe: Eolas Ginearálta

Is é an chaoi is fearr le cur síos a dhéanamh ar Mheasúnú Rangbhunaithe ná an tráth a ndéanann an múinteoir measúnú ar an scoláire leis na tasc(anna) sonrach(a) a leagtar amach i sonraíocht ghearrchúrsa CNCM nó i sonraíocht ghearrchúrsa arna forbairt sa scoil. Leagtar amach sna treoirlínte seo na tascanna agus na Gnéithe Cáilíochta, a thacaíonn le breithiúnas an mhúinteora.

Cé go bhfuil an measúnú cosúil leis an measúnú leanúnach a tharlaíonn gach lá sa rang, i gcás an mheasúnaithe rangbhunaithe úsáidtear breithiúnas an mhúinteora i dtuairisciú na scoile do

thuismitheoirí agus don scoláire agus d'fhéadfaí é a thaifeadadh chomh maith i gcomhair cruinnithe foghlama agus measúnaithe. Ullmhaíonn an scoláire don Mheasúnú Rangbhunaithe thar thréimhse mholta sa dara nó sa tríú bliain. Ní chuirtear torthaí a bhaintear amach i dtionscadail eile, in obair baile, ná i dtrialacha a dhéanann an scoláire le linn dó a chuid gnáthobair ranga a dhéanamh san áireamh le tuairisceoir a bhronnadh mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe.

## An leibhéal gnóthachtála i Measúnuithe Rangbhunaithe a chinneadh

Tá ceithre thuairisceoir leibhéil gnóthachtála i ngach Measúnú Rangbhunaithe: *Thar barr ar fad, Os cionn na n-ionchas, Ag teacht le hionchais,* agus *Nár chomhlíon na hionchais go fóill.*

Úsáideann an múinteoir na Gnéithe Cáilíochta, a leagtar amach sna treoirlínte seo (lch 13), leis an leibhéal gnóthachtála a mheas i ngach Measúnú Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidfear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na heasnaimh bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

Agus na Gnéithe Cáilíochta á n-úsáid ag an múinteoir le leibhéal gnóthachtála an scoláire a mheas sa Mheasúnú Rangbhunaithe, úsáideann sé breithiúnas 'ar an iomlán'. Ba chóir don mhúinteoir na Gnéithe Cáilíochta a léamh (*Níor chomhlíon na hionchais go fóill* ar dtús) go dtí go dtagann sé ar an tuairisceoir is fearr a dhéanann cur síos ar an saothar atá á mheas. Nuair nach bhfuil sé an-soiléir cén tuairisceoir cáilíochta ba chóir a úsáid, ní mór don mhúinteoir breithiúnas a dhéanamh de réir na fianaise ó obair an scoláire le teacht ar an tuairisceoir is fearr a oireann d'obair an scoláire ar an iomlán. Cuireann cur chuige 'na rogha is oiriúnaí' ar chumas an mhúinteora an tuairisceoir is fearr dhéanann cur síos 'ar an iomlán' ar an saothar atá á mheas a roghnú.

Níor chóir don mhúinteoir talamh slán a dhéanamh de go mbeadh torthaí grúpa scoláirí ag teacht le haon phatrún dáileacháin ar leith, de bharr nach ndéantar an obair a mheas ach amháin trí thagairt do na Gnéithe Cáilíochta seachas don chaoi ar éirigh leis na scoláirí eile.

## Am do na Measúnuithe Rangbhunaithe

Áirítear Measúnú Rangbhunaithe san fhad ama a thugtar do ghearrchúrsaí, timpeall 100 uair an chloig. Is ionann an Measúnú Rangbhunaithe seo agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an ghearrchúrsa códaithe. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh obair na dtrí shnáithe a chur i gcrích. Samhlaítear go ndéanfar an t-ullmhúchán i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe seo agus go gcuirfear i gcrích é thar thart ar 8-10 n-uair an chloig d'am ranga. Cé go mbeidh éagsúlacht ag baint leis an am a ndéantar an Measúnú Rangbhunaithe i ngearrchúrsaí ag brath ar an scoil, ní féidir Measúnaithe Rangbhunaithe a dhéanfar i gcomhair tuairisciú i bPróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS) a chur i gcrích sa chéad bhliain.

## Neamhspleáchas na scoile chun Measúnú Rangbhunaithe a ullmhú

Leagtar amach sna treoirlínte seo raon roghanna le haghaidh an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ionas go mbeidh siad ag teacht le riachtanais agus le dálaí áirithe an scoláire agus na scoile. Cuirtear éagsúlacht féidearthachtaí i láthair maidir leis an gcaoi ar féidir an tionscadal bogearraí deiridh a dhéanamh, cineál an tionscadail féin agus ról an mhúinteora i dtionscadal grúpa an scoláire a éascú. Laistigh de na paraiméadair a shocraítear sna treoirlínte, is féidir leis an scoil, leis an múinteoir agus leis an scoláire raon na dtéamaí agus na n-ábhar don mheasúnú a shocrú go neamhspleách.

Féadfaidh an scoil aon ghearrchúrsa ó CNCM a chur in oiriúint dá riachtanais shonracha féin agus do chomhthéacs na scoile. Má tá an cúrsa á chur in oiriúint, d'fhéadfadh go mbeadh ar an scoil an

Measúnú Rangbhunaithe a chur in oiriúint freisin ionas go léireodh sé foghlaim an scoláire. Féadfaidh scoil a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt freisin, chomh maith le Measúnú Rangbhunaithe lena mbaineann. Tá treoirlínte ar fáil d'aon scoil ar mian léi a gearrchúrsa(í) féin a fhorbairt.

## An chaoi a dtacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích

Tacaíonn an scoil leis na measúnuithe a chur i gcrích ach:

- A chinntiú go dtugtar *an tSonraíocht* agus *na Treoirlínte do na Measúnuithe Rangbhunaithe* de chuid CNCM don mhúinteoir
- Tacú leis an múinteoir na Tuairisceoirí leibhéil a bronnadh ar gach scoláire a thaifead
- Taifid agus saothair a choinneáil, de réir mar is cuí, chun críche Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair Ábhair
- Na treoirlínte don Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair Ábhair a chur i bhfeidhm
- A chinntiú go mbeidh fáil ag gach scoláire ar an measúnú
- Torthaí na Measúnuithe Rangbhunaithe a thuairisciú don scoláire agus a thuismitheoirí/chaomhnóirí mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

Agus fianaise á bailiú chun críocha measúnaithe i nGearrchúrsaí na Sraithe Sóisearaí, tá sé tábhachtach go n-úsáideann an múinteoir cuir chuige atá inbhuanaithe agus comhréireach. Toisc go mbaineann measúnú le cur ar chumas an mhúinteora torthaí a fheabhsú don scoláire, tá sé tábhachtach a chinntiú nach mbeadh an iomarca páipéarachais ná próisis ró-chasta mar chonstaic le foghlaim agus teagasc. Is gá go dtacódh aon pháipéarachas le foghlaim seachas a bheith mar thoradh ann féin.

Cé gur chóir go mbeadh breithiúnais mheasúnaithe bunaithe ar fhianaise a tharraingítear go príomha ó fhoghlaim agus teagasc laethúil, níl aon ghá fóiliónna móra fianaise a bhailiú le tacú leis sin. Trí rúin foghlama agus critéir ratha nó na gnéithe cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe a chomhroinnt, ba chóir don mhúinteoir aird a tharraingt ar an ról is féidir leis an scoláire a imirt chun fianaise cháilíochta a aithint óna shaothar féin le húsáid chun críocha measúnaithe.

Bealach amháin is ea próiseas pleanála éifeachtúil ina sainaithnítear cén uair agus cén chaoi a ngabhfar príomhghnéithe den fhoghlaim mar fhianaise don mheasúnú lena chinntiú go bhfanann gearrchúrsaí in-bhainistithe agus inbhuanaithe. Seachnaítear sa chur chuige seo fianaise iomarcach agus mhíchuí a bhailiú maidir le feidhmíocht an scoláire agus féadtar pléití i gcruinniú athbhreithnithe a thabhairt ar aghaidh ar bhealach struchtúrach. Seachnaítear chomh maith an brú ag deireadh an chúrsa chun fianaise a lorg agus a shainaithint le tacú le breithiúnais maidir le feidhmíocht ar an iomlán.

D’fhonn aiseolas a chur ar fáil don scoláire agus é i mbun an mheasúnaithe, ba chóir breathnú ar an bpróiseas leis an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích mar chuid den phróiseas teagaisc agus foghlama, agus ní chun críche measúnú amháin. Tá sé i gceist go dtabharfaidh an múinteoir treoir agus tacaíocht don scoláire agus go ndéanfaidh sé maoirseacht air ó thús deireadh an phróisis.

D’fhéadfadh sé go mbeadh i gceist le tacaíocht:

- Riachtanais an taisc a shoiléiriú
- Samplaí anótáilte d’obair scoláirí a úsáid le brí agus le léirmhíniú na nGnéithe Cáilíochta a shoiléiriú don scoláire
- Treoracha a chur ar fáil go rialta agus go straitéiseach le críochnú tráthúil an tionscadail deiridh a éascú
- Tacaíocht a chur ar fáil do scoláire ar bith a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aige.

# Measúnú Rangbhunaithe sa Chódú (gearrchúrsa)

Beidh an measúnú sa chódú rangbhunaithe. Tá Measúnú Rangbhunaithe amháin ann, arb ionann é agus toradh na hoibre ar tugadh fúithi i dtrí shnáithe an ghearrchúrsa Códaithe. Ba chóir tús a chur leis an Measúnú Rangbhunaithe i ndiaidh na hoibre sna trí shnáithe a chur i gcrích. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach féidir obair a dhéantar sa chéad bhliain den tSraith Shóisearach a áireamh don tuairisciú sa PGSS.

## Measúnú Rangbhunaithe: Na Píosaí a Fhí ina Chéile

Forbróidh an scoláire tionscadal deiridh bogearraí dá rogha féin. Déanfaidh sé taighde agus bunóidh sé riachtanais; dearfaidh sé na bogearraí, cuirfidh sé i bhfeidhm iad agus tástálfaidh sé iad. Déanfaidh sé doiciméadú ar a chuid oibre agus ar a chód agus cuirfidh sé an tionscadal i láthair a phiaraí lena athbhreithniú. Déanfaidh sé machnamh ar an aiseolas agus tabharfaidh sé aiseolas ar thionscadail scoláirí eile.

Oibreoidh an scoláire ar an tionscadal seo ar fhoireann ina mbeidh beirt nó triúr. Cé go dtabharfaidh sé faoi Mheasúnú Rangbhunaithe mar chuid d’fhoireann, díreofar sa mheasúnú ar ról agus ar an méid a chuireann an scoláire go haonarach leis an obair. Cé go bhfuiltear ag súil go n-oibreoidh gach scoláire as féin ar réimsí aontaithe ar leith den Mheasúnú Rangbhunaithe, beidh ar an ngrúpa an

comhtháthú a theastaíonn mar fhoireann chun an obair a chríochnú a choinneáil. Ní féidir glacadh le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú lena mheas sa PGSS.

Is iad na príomhthorthaí foghlama a mheasúnófar sa tionscadal deiridh:

| Measúnú Rangbhunaithe: Na píosaí a fhí ina chéile |
|---|
| 1.6, 1.7, 2.7, 2.8, 2.9, 2.10, 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5, 3.6 |

## Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích:

Mar ghrúpa, cinnfidh na scoláirí cén píosa bogearraí is mian leo a fhorbairt laistigh den tréimhse atá ar fáil dóibh. D'fhéadfaí é seo a bhunú ar an taighde a rinneadh níos luaithe mar chuid dá gcuid oibre ar an ngearrchúrsa Códaithe, nó ó shaincheist lena bhfuil ceangal pearsanta ag an scoláire. Ag úsáid a dtaithí foghlama ó na snáithe eile den ghearrchúrsa Códaithe seo, bunóidh na scoláirí na riachtanais agus an dearadh, mar aon lena mbogearraí a chur i bhfeidhm agus a thástáil. I rith na bpróiseas seo, cothóidh gach scoláire cáipéisíocht maidir leis an méid a chuir sé féin le hobair an ghrúpa agus le píosaí an chóid. Nuair a chuirtear an píosa deiridh bogearraí i láthair a ranga, beidh ar an scoláire measúnú a dhéanamh ar an aiseolas a chothaigh a shaothar.

Is iad na cúig ghné a bhaineann leis an tionscadal:

- Taighde agus pleanáil thosaigh
- Dearadh, cur i bhfeidhm agus tástáil
- Cáipéisíocht ar an obair agus an cód
- Cur i láthair an tionscadail deiridh
- Measúnú ar aiseolas

**Ullmhúchán:**

Féadfaidh an scoil an méid ama a thabharfar don Mheasúnú Rangbhunaithe ón 100 uair an chloig atá tugtha don ghearrchúrsa Códaithe a shocrú, ionas go mbeidh an scoláire in ann an obair ar a bhogearraí a chur i gcrích, agus moltar tréimhse idir 8-10 n-uair an chloig anseo. Tá réimse leathan roghanna taighde ag an scoláire is féidir leis a úsáid d'fhonn cinneadh a dhéanamh faoina thionscadal bogearraí agus a dhearadh. Má úsáidtear foinsí, ba chóir tagairt a dhéanamh dóibh. San úsáid a bhaineann sé as foinsí bunaithe ar an idirlíon, ba chóir an scoláire a spreagadh chun cuardach

éifeachtach a dhéanamh ar ábhar, agus é a mheas agus a shintéisiú sula gcruthaíonn sé a shaothar, nó sula dtagann sé ar a chuid tuairimí féin.

Cé go ndéanann an múinteoir monatóireacht ar an gcéim seo den Mheasúnú Rangbhunaithe, is é an scoláire féin a dhéanann an t-ullmhúchán, ar bhonn aonair agus i gcomhoibriú gníomhach, stuama mar chuid de ghrúpa.

### An dearadh bogearraí a chruthú agus a chur i láthair:

I ndiaidh don scoláire an topaic atá roghnaithe dá ghrúpa a chomhaontú, cruthóidh gach grúpa píosa bogearraí sa tréimhse a cheadófar. Caithfear cuid den am sin a chur ar leataobh le hoibriú ar an dearadh, ar thaithí an úsáideora, ar chur i bhfeidhm agus ar thástáil. Sa chéim dheiridh den Mheasúnú Rangbhunaithe cuirfidh an scoláire a phíosa bogearraí i láthair an ranga agus ansin déanfaidh sé machnamh ar an aiseolas a chothaítear dá bharr. Is cuid thábhachtach den phróiseas é sin agus an píosa bogearraí deiridh á thástáil.

# Measúnú Rangbhunaithe: Comhairle don scoláire

Sainaithneoidh tú, déanfaidh tú taighde agus cuirfidh tú i bhfeidhm píosa bogearraí in éineacht le do ghrúpa. Féadfaidh an píosa bogearraí sin a bheith bunaithe ar shaothar a ndearnadh taighde air roimhe seo nó a bhfuil spéis agat féin nó ag do ghrúpa ann. Féadfaidh sé léiriú a thabhairt freisin ar ghné den saothar sin. Inseoidh do mhúinteoir duit cé mhéad ama atá ar fáil don Mheasúnú Rangbhunaithe, agus mar chuid de sin chomh maith cuirfear do dhearadh deiridh i láthair do ranga agus déanfar measúnú ar an aiseolas a thabharfaidh siad.

Déanfaidh do mhúinteoir monatóireacht ar an *ullmhúchán* don Mheasúnú Rangbhunaithe. Ní ghlacfar le hobair nach féidir leis an múinteoir a dheimhniú chun críocha measúnaithe.

Is fút féin a bheidh sé na bogearraí a dhearfaidh agus a chuirfidh do ghrúpa i bhfeidhm a roghnú ach ní mór smaoineamh ar na moltaí seo a leanas:

- Ba chóir go mbeadh spéis ag do ghrúpa ar fad sna bogearraí.
- Beidh ort do phíosa bogearraí a dhéanamh taobh istigh den tréimhse a cheadófar.
- Ba chóir duit ceisteanna tábhachtacha a chur faoi na bogearraí a dhearfaidh do ghrúpa ionas go mbeidh tú in ann do chuid oibre a eagrú agus do chur i láthair níos déanaí.
- Caithfidh tú cáipéisí a choinneáil maidir le do chuid oibre féin sa ghrúpa agus maidir leis na píosaí cóid i rith an phróisis.
- Nuair a chuirfidh do ghrúpa togra i láthair na scoláirí eile, ba chóir daoibh smaoineamh ar an gcaoi a gcuirfidh sibh é in iúl don lucht féachana seo.
- I ndiaidh do do ghrúpa bhur bpíosa bogearraí a chur i láthair caithfidh sibh go léir aon aiseolas a gheofar a thaifeadadh agus machnamh a dhéanamh air.

Ní mór duit oibriú ar an Measúnú Rangbhunaithe i ngrúpa de bheirt nó triúr ar a mhéad. Tabhair faoi deara, mar sin féin, gurb é an ról a bhí agat féin agus an obair a rinne tú féin a bheidh á scrúdú sa mheasúnú i gcomhair Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí (PGSS).

# An leibhéal gnóthachtála a chinneadh

### Na Gnéithe Cáilíochta

Na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe: Déantar cur síos ar Na Píosaí a Fhí ina Chéile anseo. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na Tuairisceoirí is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is éasca don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach, tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart.

| Na Gnéithe Cáilíochta: Códú – Na píosaí a fhí ina chéile |
|---|
| **Thar barr ar fad**<br>Taispeánann an scoláire go raibh sé rannpháirteach go hiomlán sa tionscadal mar bhall an-díograiseach den fhoireann.<br>Tá taifeadadh cuimsitheach déanta ar fhoghlaim agus ar chód an scoláire.<br>Taispeánann an scoláire go bhfuil foghlaim roimhe seo tugtha leis aige ina thionscadal.<br>Cuirtear buntáistí an tionscadail i láthair ar bhealach an-éifeachtach.<br>Chláraigh an scoláire an t-aiseolas a fuair sé go cruinn agus thug freagra éifeachtach air. |
| **Os cionn na n-ionchas**<br>Taispeánann an scoláire go raibh sé rannpháirteach sa tionscadal mar bhall díograiseach den fhoireann.<br>Tá taifeadadh an-mhaith déanta ar fhoghlaim agus ar chód an scoláire.<br>Taispeánann an scoláire gur chuir sé le formhór den mhéid a bhí foghlamtha aige roimhe seo sa tionscadal.<br>Cuirtear buntáistí an tionscadail i láthair ar bhealach éifeachtach.<br>Chláraigh an scoláire an t-aiseolas a fuair sé i gceart agus thug freagra inniúil air. |
| **Ag teacht leis na hionchais**<br>Taispeánann an scoláire go raibh sé rannpháirteach sa tionscadal mar bhall dúthrachtach den fhoireann.<br>Tá taifeadadh maith déanta ar fhoghlaim agus ar chód an scoláire.<br>Taispeánann an scoláire gur chuir sé le roinnt den mhéid a bhí foghlamtha aige roimhe seo sa tionscadal.<br>Cuirtear buntáistí an tionscadail i láthair ar bhealach measartha.<br>Chláraigh an scoláire an t-aiseolas a fuair sé agus thug freagra measartha air. |
| **Níor chomhlíon na hionchais go fóill**<br>Taispeánann an scoláire go raibh sé rannpháirteach de bheagán sa tionscadal mar bhall den fhoireann.<br>Tá taifeadadh teoranta déanta ar fhoghlaim agus ar chód an scoláire.<br>Níl an méid atá foghlamtha roimhe seo léirithe ach go beag ag an scoláire.<br>Ní leor an chaoi a bhfuil buntáistí an tionscadail curtha i láthair.<br>Chláraigh an scoláire roinnt aiseolais ach is teoranta a fhreagra air. |

### Cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair

Gheobhaidh comhaltaí foirne comhthuiscint ar chaighdeáin ghearrchúrsaí na sraithe sóisearaí trí phlé gairmiúil a dhéanamh sna cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair. Bailíonn múinteoirí samplaí de shaothar scoláirí agus cuireann a mbreithiúnais i gcomparáid le comhghleacaithe eile. Le himeacht ama, is mar thoradh ar an bpróiseas sin a gheofar tuiscint níos fearr ar na caighdeáin agus a chinnteofar go ndéantar feidhmíocht scoláirí a mheas ar bhonn comhsheasmhach.

Nuair a bhíonn múinteoir aonair ar ghearrchúrsa i scoil, nuair is indéanta, glacfaidh an múinteoir páirt i gcruinniú Athbhreithnithe Foghlama agus Measúnaithe le scoil eile. Fiosrófar cumas TFC le tacú leis na cruinnithe sin.

**Is féidir teacht ar a thuilleadh sonraí faoi na cruinnithe Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair a bhainistiú agus faoi pháirt a ghlacadh iontu ag** http://juniorcycle.ie/Assessment?lang=en**.**

Tar éis an Athbhreithniú ar Fhoghlaim agus ar Mheasúnú Ábhair déanfaidh gach múinteoir athmhachnamh a bhreithiúnas ar obair a scoláire bunaithe ar thorthaí an chruinnithe agus, nuair is gá, déanfaidh sé na hathruithe cuí chun an leibhéal gnóthachtála a bronnadh ar an saothar ar an gcéad dul síos a chur ina cheart. Úsáidtear na Tuairisceoirí a bhronntar chun dul chun cinn agus gnóthachtáil a thuairisciú do thuismitheoirí agus don scoláire mar chuid de nósanna imeachta tuairiscithe na scoile agus trí Phróifíl Gnóthachtála na Sraithe Sóisearaí.

### Aiseolas a úsáid

Céim ríthábhachtach is ea aiseolas éifeachtach a chur ar fáil le tacú leis an bhfoghlaim. Cuirfear an scoláire ar an eolas faoin Tuairisceoir a bronnadh air díreach tar éis torthaí an chruinnithe athbhreithnithe a phróiseáil. Bíodh sin mar atá, bíonn níos mó i gceist leis an aiseolas ná an Tuairisceoir a bronnadh ar an scoláire a chur in iúl dó. Féadtar aiseolas ar láidreachtaí obair an scoláire, agus ar réimsí ar gá iad a fheabhsú, a úsáid le tacú leis an bhfoghlaim amach anseo. Tá tuilleadh eolais faoi úsáid aiseolais le fáil ag http://juniorcycle.ie/Assessment?lang=en.

### Toradh a cheistiú

Is í an scoil a dhéanfaidh plé le ceisteanna i ndáil leis na Tuairisceoirí a bhronntar ar Mheasúnú Rangbhunaithe, nuair a thagann a leithéid chun cinn.